*Déardaoin, 23 Márta,* 2006
*Thursday, 23rd March,* 2006

10.30 a.m.

---

## ORD GNÓ
## ORDER OF BUSINESS

**14.** (*l*) An Bille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2002 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Criminal Law (Insanity) Bill 2002 [*Seanad*] — Order for Report.

**12.** An Bille um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
National Sports Campus Development Authority Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).

**15.** Ráitis maidir le Cúram do Dhaoine Scothaosta.
Statements on Care for the Elderly.

## FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
## NOTICE OF NEW BUSINESS

***a7a.*** An Bille Sláinte (Tithe Banaltrais) (Leasú) 2006 — Ordú don Dara Céim.
Health (Nursing Homes) (Amendment) Bill 2006 — Order for Second Stage.

***27a.*** An Bille um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2004 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
Parental Leave (Amendment) Bill 2004 [*Seanad*] — Order for Report.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

*Tíolactha:*
*Presented:*

***a7a.*** An Bille Sláinte (Tithe Banaltrais) (Leasú) 2006 — Ordú don Dara Céim.
Health (Nursing Homes) (Amendment) Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Sláinte (Tithe Banaltrais) 1990 agus do dhéanamh aisghairm iarmhartach ar alt 3 den Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001, do leasú Sceideal 7 a ghabhann leis an Acht Sláinte 2004 agus do chúlghairm na Rialachán um Thithe Banaltrais (Fóirdheontas) 1993.

Bill entitled an Act to amend the Health (Nursing Homes) Act 1990 and to consequentially repeal section 3 of the Health (Miscellaneous Provisions) Act 2001, amend Schedule 7 to the Health Act 2004 and revoke the Nursing Homes (Subvention) Regulations 1993.

— *An tAire Sláinte agus Leanaí.*

---

*Tabhairt Isteach:*
*Introduction:*

**7*b*.** An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Teileafónaíocht Shoghluaiste) 2006 — An Chéad Chéim.
Road Traffic (Mobile Telephony) Bill 2006 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do chosc sás láimhe soghluaiste a úsáid nó a bheith ina ghlac nó ina glac ag duine le linn feithicil inneallghluaiste a oibriú.

Bill entitled an Act to place a ban on the use or holding of a hand-held mobile handset while operating a mechanically propelled vehicle.

— *Olivia Mitchell.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**12.** An Bille um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
National Sports Campus Development Authority Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).

---

**14.** (*l*) An Bille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2002 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Criminal Law (Insanity) Bill 2002 [*Seanad*] — Order for Report.

---

**15.** Ráitis maidir le Cúram do Dhaoine Scothaosta.
Statements on Care for the Elderly.

---

**27*a*.** An Bille um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2004 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
Parental Leave (Amendment) Bill 2004 [*Seanad*] — Order for Report.

---

## TEACHTAIREACHTAÍ ÓN RIALTAS
## MESSAGES FROM THE GOVERNMENT

An Bille um Cheartas Coiriúil 2004:
Criminal Justice Bill 2004:

For the purpose of Article 17.2 of the Constitution, the Government recommend that it is expedient to authorise such payments out of moneys provided by the Oireachtas as are necessary to give effect to any Act of the present session to amend and extend the powers of the Garda Síochána in relation to the investigation of offences; to amend criminal law and procedure in other respects, including provision for the admissibility in evidence of certain witness statements, an extension of the circumstances in which the Attorney General in any case or, if he or she is the prosecuting authority in a trial, the Director of Public Prosecutions may refer a question of law to the Supreme Court for determination or take an appeal in criminal proceedings, a restriction of the offences to which section 10(4) of the Petty Sessions (Ireland) Act 1851 applies, an amendment of the jurisdiction of the District Court and the Circuit Court in criminal matters, the imposition of fixed charges in respect of certain offences under the Criminal Justice (Public Order) Act 1994, an amendment of the requirements for the issue of a firearms certificate and an amendment of the Petty Sessions (Ireland) Act 1851 relating to the issue and execution of certain warrants; and to provide for related matters.

Given on this 22nd day of March, 2006

(*Signed*) Bertie Ahern,
Taoiseach.

---

## MEMORANDA

*Déardaoin,* 23 *Márta,* 2006
*Thursday, 23rd March,* 2006

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Fhochoiste um Iniúchadh Eorpach i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Sub-Committee on European Scrutiny in Committee Room 4, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Ghasra Oibre de Chathaoirligh Coistí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 10 a.m. (*príobháideach*).
Meeting of the Working Group of Committee Chairmen in Committee Room 2, LH2000, at 10 a.m. (*private*).

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 11 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2, LH2000, at 11.30 a.m.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle (Euratom) lena leagtar síos na rialacha do rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i mbearta faoin Seachtú Creat-Chlár de chuid an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus le haghaidh scaipeadh torthaí taighde (2007-2011) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2006) 42.

2) Togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le malartú faisnéise faoi phrionsabal na hinfhálachta mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 490.

3) PÁIPÉAR UAINE: Clár Eorpach le haghaidh bonneagar ríthábhachtach a chosaint mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 576.

4) Togra Leasaithe le haghaidh Treorach ón gComhairle (Euratom) lena leagtar síos bunoibleagáidí agus prionsabail ghinearálta maidir le sábháilteacht suiteálacha núicléacha [agus] Togra Leasaithe le haghaidh Treorach ón gComhairle (Euratom) maidir le breosla núicléach caite agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go sábháilte mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2005) 526.

5) Na Rialacháin um an Acht Cróinéirí 1962 (Táillí agus Costais) 2006 (I.R. Uimh. 122 de 2006).

6) An Ciste Rialtais Áitiúil. Cuntais, 2004 agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

7) An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair, 2005.

*Neamhreachtúil:*

1) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha. ‘‘Tionscadal an Tíomóir-Leste’’, Tuarascáil, Feabhra, 2006.

2) An tOrdú um an Acht Iomaíochta (Leasú) 2006 (Tosach Feidhme) 2006 (I.R. Uimh. 127 de 2006).

*Parlaimint na hEorpa:*

1) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cearta daonna sa Rúis agus an reachtaíocht NGO nua.

*Statutory:*

1) Proposal for a Council Regulation (Euratom) laying down the rules for the participation of undertakings, research centres and universities in actions under the Seventh Framework Programme of the European Atomic Energy Community and for the dissemination of research results (2007-2011) together with explanatory information note. COM (2006) 42.

2) Proposal for a Council Framework Decision on the exchange of information under the principle of availability together with explanatory information note. COM (2005) 490.

3) GREEN PAPER: A European programme for critical infrastructure protection together with explanatory information note. COM (2005) 576.

4) Amended Proposal for a Council Directive (Euratom) laying down basic obligations and general principles on the safety of nuclear installations [and] Amended Proposal for a Council Directive (Euratom) on the safe management of the spent nuclear fuel and radioactive waste together with explanatory information note. COM (2005) 526.

5) Coroners Act 1962 (Fees and Expenses) Regulations 2006 (S.I. No. 122 of 2006).

6) Local Government Fund. Accounts, 2004 and Comptroller and Auditor General Report.

7) National College of Art and Design. Financial Statements for year ended 30 September, 2005.

*Non-Statutory:*

1) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Foreign Affairs. ‘‘Project Timor-Leste’’, Report, February, 2006.

2) Competition (Amendment) Act 2006 (Commencement) Order 2006 (S.I. No. 127 of 2006).

*European Parliament:*

1) European Parliament resolution on human rights in Russia and the new NGO legislation.

2) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an méid atá an Rómáin ullamh chun aontachais leis an Aontas Eorpach (2005/2205(INI)).

2) European Parliament resolution on the extent of Romania's readiness for accession to the European Union (2005/2205(INI)).

3) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an staid ullmhachta do bhallraíocht an AE sa Bhulgáir (2005/2204(INI)).

3) European Parliament resolution on the state of preparedness for EU membership of Bulgaria (2005/2204(INI)).

4) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an CIA do thoimhdiú úsáid a bhaint as tíortha Eorpacha chun príosúnaigh a iompar agus a choimeád go neamhdhleathach.

4) European Parliament resolution on presumed use of European countries by the CIA for the transportation and illegal detention of prisoners.

5) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cearta daonna agus saoirse an phreasa sa Túinéis agus measúnú ar an gCruinniú Mullaigh Domhanda ar an tSochaí Faisnéise a tionóladh sa Túinéis.

5) European Parliament resolution on human rights and freedom of the press in Tunisia and evaluation of the World Summit on the Information Society held in Tunisia.

6) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le clár reachtach agus oibre an Choimisiúin don bhliain 2006.

6) European Parliament resolution on the Commission legislative and work programme for 2006.

7) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle ar chríochnú an Phrótacail lena leagtar amach, don tréimhse ón 18 Eanáir, 2005 go 17 Eanáir, 2011, na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Séiséal maidir le hiascaireacht amach ó chósta na Séiséal (COM(2005)0421 — C6-0321/2005 -2005/0173(CNS)).

7) European Parliament legislative resolution on the proposal for a Council regulation on the conclusion of the Protocol setting out, for the period from 18 January, 2005 to 17 January, 2011, the fishing opportunities and the financial contribution provided for by the Agreement between the European Economic Community and the Republic of Seychelles on fishing off Seychelles (COM(2005)0421 — C6-0321/2005 -2005/0173(CNS)).

8) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh cinnidh ón gComhairle maidir le críochnú Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na sásraí chun an Stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann a thaisctear i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua a shuíomh (COM(2005)0131 — 8479/2005 — C6-0197/2005 — 2005/0013 (CNS)).

8) European Parliament legislative resolution on the proposal for a Council decision on the conclusion of a Protocol to the Agreement between the European Community, the Republic of Iceland and the Kingdom of Norway concerning the criteria and mechanisms for establishing the State responsible for examining a request for asylum lodged in a Member State or in Iceland or Norway (COM(2005)0131 — 8479/2005 — C6-0197/2005 — 2005/0013 (CNS)).

9) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh cinnidh ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le críochnú an Chomhaontaithe le haghaidh Comhair Eolaíochta agus Teicneolaíochta idir na Comhphobail Eorpacha, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt

9) European Parliament legislative resolution on the proposal for a decision of the Council and of the Commission on the conclusion on behalf of the European Community and the European Atomic Energy Community of the Agreement on Scientific and Technological Cooperation

P.T.O.

eile, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (COM(2005)0333 — C6-0345/2005 — 2005/0135(CNS)).

10) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Togra le haghaidh cinnidh ón gComhairle maidir le críochnú an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge lena leathnaítear chuig an Danmhairg forálacha Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ag bunú na gcritéar agus na sásraí lena gcinntear na Ballstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír agus Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle a bhaineann le bunú ''Eorodac'' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme go héifeachtach (COM(2004)0594 — 14787/1/2004 — C6-0198/2005 — 2004/0205(CNS)).

between the European Communities of the one part and the Swiss Confederation of the other part (COM(2005)0333 — C6-0345/2005 — 2005/0135(CNS)).

10) European Parliament legislative resolution on the Proposal for a Council decision on the conclusion of the Agreement between the European Community and the Kingdom of Denmark extending to Denmark the provisions of Council Regulation (EC) No. 343/2003 establishing the criteria and mechanisms for determining the Member States responsible for examining an asylum application lodged in one of the Member States by a third-country national and Council Regulation (EC) No. 2725/2000 concerning the establishment of ''Eurodac'' for comparison of fingerprints for the effective application of the Dublin Convention (COM(2004)0594 — 14787/1/2004 — C6-0198/2005 — 2004/0205(CNS)).

---

Wt. 15655. 554. 3/06. Cahill. (X49148). Gr. 30-15.